# CINNEADH (AE) 2021/2242 ÓN gCOMHAIRLE

## an 13 Nollaig 2021

## lena leasaítear Cinneadh 2009/908/AE, lena leagtar síos bearta chun Cinneadh ón gComhairle Eorpach maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle, agus maidir le cathaoirleacht comhlachtaí ullmhúcháin de chuid na Comhairle a chur chun feidhme

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2009/881/AE ón gComhairle Eorpach an 1 Nollaig 2009 maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2009/908/AE ([2]), leag an Chomhairle síos bearta chun Cinneadh 2009/881/AE a chur chun feidhme. Comhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle nach bhfuil an Uachtaránacht 6 mhí ina chathaoirleach orthu, liostaítear iad in Iarscríbhinn III de Chinneadh 2009/908/AE, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 2, an tríú fomhír, de Chinneadh 2009/881/AE.

(2) I bhfianaise nádúr comhairleach agus chineál na gcúraimí a dhéanann an Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus Nuálaíochta, chomh maith leis an taithí a fuarthas ar na cúraimí sin, ba cheart an coiste sin a chur le liosta na gcomhlachtaí ullmhúcháin nach bhfuil an Uachtaránacht 6 mhí ina chathaoirleach orthu.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2009/908/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh 2009/908/AE, cuirtear an comhlacht ullmhúcháin seo a leanas leis an liosta dár teideal "Cathaoirligh tofa"

"An Coiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus Nuálaíochta".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

---

([1]) IO L 315, 2.12.2009, lch. 50.

([2]) Cinneadh 2009/908/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009, lena leagtar síos bearta chun Cinneadh ón gComhairle Eorpach maidir le feidhmiú Uachtaránacht na Comhairle, agus maidir le cathaoirleacht comhlachtaí ullmhúcháin de chuid na Comhairle a chur chun feidhme (IO L 322, 9.12.2009, lch. 28).